Leabhair an Uachtaráin

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoi leabhair a bhronn an tUachtarán ar leabharlanna i mBaile Átha Cliath. Sula bhféachann tú ar an mír, ceangail na focail Ghaeilge leis na focail Bhéarla.

1. cáil	a. *the facilities*
2. seilbh	b. *reputation*
3. bailiúchán	c. *possession*
4. sciar	d. *progress*
5. cuir san áireamh	e. *share*
6. sínithe	f. *signed*
7. dírbheathaisnéis	g. *the local governments*
8. na rialtais áitiúla	h. *collection*
9. na háiseanna	i. *take into account*
10. dul chun cinn	j. *autobiography*

1	2	3	4	5	6	7	8	9	10

Anois, féach ar an tuairisc den chéad uair le feiceáil an féidir leat na focail sin a aithint sa mhír nuachta.

Ceist 2 Cuir na focail faoi cheist 1 in abairtí lena mbrí a léiriú. Ní gá na habairtí a scríobh. Is leor iad a rá os ard leis an duine in aice leat.

Ceist 3 Féach ar an tuairisc den dara huair. An bhfuil na ráitis seo fíor nó bréagach?

1. Níl mórán measa ag an Uachtarán ar chúrsaí litríochta.
2. Bhronn Micheál D. Ó hUigínn na leabhair ar fad a bhí aige do leabharlanna na tíre.
3. Seacht gcéad leabhar ar fad a bhí sa bhailiúchán.
4. Tá gach leabhar sínithe ag an Uachtarán.

5. Ceapann an tUachtarán go bhfuil na leabharlanna níos riachtanaí anois ná mar a bhí riamh.

6. Is féidir le gach duine teacht ar na leabhair seo.

Ceist 4 '…muintir an phobail…'

Sa sampla thuas, tá an dara hainmfhocal sa tuiseal ginideach de bhrí go bhfuil ainmfhocal eile ag teacht roimhe. Bain amach na lúibíní sna samplaí seo thíos agus athraigh na focail más gá.

múinteoirí (an scoil) _____
ainm (an siopa) _____
bristí (an bhean) _____
mála (an fear) _____
laethanta fada (an samhradh) _____
ballaí (an teach) _____
cosa (an cat) _____
draíocht (an fhilíocht) _____
téama (an aiste) _____

Ceist 5 Na hiolraí

Éist leis an mír arís agus breac síos iolraí na n-ainmfhocal seo a bhí le cloisteáil inti:

- leabharlann
- leabhar
- teanga
- páiste
- cúrsa
- áis
- rialtas áitiúil

Ceist 6 Pléigh na cineálacha leabhar thíos leis na daoine eile i do ghrúpa:

Leabhair fantaisíochta
Leabhair ficsin eolaíochta
Leabhair uafáis
Leabhair scéinséara
Leabhair ghrá
Leabhair bhleachtaireachta
Leabhair bheathaisnéise

Treoracha agus Freagraí
Ceist 1

1	2	3	4	5	6	7	8	9	10
b	c	h	e	i	f	j	g	a	d

Ceist 2
Féach ceist 1.

Ceist 3
1. Bréagach. Tá cáil na litríochta ar an Uachtarán agus tá dúil mhór aige i leabhair.
2. Bréagach. Thug sé sciar dá chuid leabhar don phobal.
3. Fíor.
4. Bréagach nó ní fios. Tá cuid de na leabhair sínithe ag na húdair féin.
5. Fíor.
6. Fíor.

Ceist 4
múinteoirí **na scoile**
ainm **an tsiopa**
bristí **na mná**
mála **an fhir**
laethanta fada **an tsamhraidh**
ballaí **an tí**
cosa **an chait**
draíocht **na filíochta**
téama **na haiste**

Ceist 5
leabharlanna
leabhair
teangacha
páistí
cúrsaí
áiseanna
rialtais áitiúla

Ceist 6
Is féidir gach grúpa a chur ag déanamh an phlé seo agus ansin cuid de na ceisteanna a phlé leis an rang iomlán. Is féidir chomh maith, na ceisteanna seo a leanas a scríobh ar an gclár chun cuidiú leis na foghlaimeoirí an plé a dhéanamh:

An maith leat a bheith ag léamh?
Cad iad na saghsanna leabhar is fearr leat?
An bhfuil cur amach agat ar na seánraí atá sa liosta?
An féidir leat sampla de gach seánra a sholáthar?
Cad é an leabhar is fearr a léigh tú riamh? Déan cur síos air.

Eimear Ní Chonaola
Bhur gcéad fáilte ar ais. Anois, is fada cáil na litríochta ar an Uachtarán Michael D. Higgins, agus ní haon iontas mór é go bhfuil bailiúchán leabhar fairsing ina sheilbh aige. Inniu, bhronn sé sciar den bhailiúchán sin ar leabharlanna na tíre, agus beidh siad ar fáil don phobal le léamh as seo amach.

Sinéad Crowley
Bhí an tUachtarán, Micheál D. Ó hUigínn, ina leabharlann áitiúil inniu, i gCabrach i mBaile Átha Cliath, chun bailiúchán seacht gcéad leabhar a thabhairt do mhuintir na tíre.

Tá na leabhair seo i dteangacha éagsúla, Gaeilge san áireamh dar ndóigh, agus tá bileog istigh orthu ag rá go bhfuil an tUachtarán tar éis an leabhar a thabhairt go dtí an leabharlann mar bhronntanas.

Tá cuid de na leabhair sínithe ag na húdair agus tá gach saghas leabhair i gceist – ficsean, dírbheathaisnéis agus leabhair do pháistí san áireamh. Labhair an tUachtarán faoin dúil mhór atá aige féin i leabhair agus i gcúrsaí litríochta.

An tUachtarán, Micheál D. Ó hUigínn
Tá na leabharlanna fíorthábhachtach agus níos tábhachtaí anois ná mar a bhí siad riamh. Agus, go háirithe[1] na háiseanna a chuireann siad ar fáil saor in aisce mar is cuid den saol poiblí[2] iad. Agus, tá eolas agam faoin chuid is mó de na leabharlanna, mar shampla Pearse Street, agus is iontach an dul chun cinn atá déanta. Agus, tá súil agam ó thaobh na gcúrsaí … na rialtais áitiúla éagsúla ... aon rud a chuireann siad leis na háiseanna do na leabharlanna, tá siad ag tabhairt díreach don phobal iad. *So, ah no*, níl aon rud níos tábhachtaí ná leabhair.

Sinéad Crowley
Is féidir le muintir an phobail na leabhair a fháil ar iasacht ón leabharlann timpeall na tíre, nó staidéar a dhéanamh orthu ann.

Sinéad Crowley, Nuacht TG4, Baile Átha Cliath.

[1] *ach go háirithe* a dúradh
[2] *phobal* a dúradh